Comhairle Contae County Council


Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

# Plean Corparáideach **2025-2029**



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht ón gCathaoirleach | 01 |
| Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach | 03 |
| Réamhrá: Ár gComhthéacs | 05 |
| Ár gContae | 05 |
| Ár nÉachtaí | 13 |
| Ár bPlean Corparáideach | 15 |
| Ár bhFís, Misean agus Luachanna | 16 |
| Spriocanna agus Cuspóirí Corparáideacha | 17 |
| Colúin Straitéiseacha | 18 |
| Ár bhFoireann | 29 |
| Ár gComhairle: Ár modh oibre | 30 |
| Coistí um Beartais Straitéiseacha | 31 |
| Ár nEagraíocht agus Ár Seirbhísí | 34 |
| Feidhmiú, Monatóireacht agus Athbhreithniú | 35 |
| Aguisín | 37 |
| An Próiseas Comhairliúcháin: An méid a d'inis siad dúinn | 38 |
| Beartais agus Pleananna | 41 |
| Gradaim 2020-2024 | 47 |
| Seirbhísí Comhroinnte | 54 |
| Táscairí Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil | 55 |



Teachtaireacht ón
**gComhairleoir Jim O'Leary**
An Cathaoirleach



## Is cúis áthais dom ionadaíocht a dhéanamh ar údarás áitiúil a bhfuil meas aige ar an iontaoibh agus ar an gcomhpháirtíocht a fhorbraímid lenár gcónaitheoirí. Próiseas comhoibritheach ba ea an plean seo, próiseas inar tugadh deis do dhaoine atá ina gcónaí nó ag obair anseo, forbairt ár gcontae amach anseo a mhúnlú.

Mar Chathaoirleach, fáiltím roimh an rannpháirtíocht sin agus táim muiníneach go gcomhlíonann an plean ár bhfreagrachtaí mar ionadaithe poiblí chun éisteacht le, tacú le agus freastal ar riachtanais na ndaoine a thoghann muid.

Déantar cur síos sa Phlean Corparáideach ar fhís shoiléir don todhchaí: contae do chách, a bhfuil daoine ag iarraidh a bheith ina gcónaí ann agus ag obair ann, a bhfuil Údarás Áitiúil ag tacú leis atá ag soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán a bhfuil geilleagar áitiúil láidir ag tacú leis. Leagtar amach sa phlean an creat straitéiseach chun ár bhfís a thabhairt chun beochta agus beidh tosaíochtaí acmhainní agus buiséid na Comhairle sa tréimhse cúig bliana amach romhainn bunaithe air.

Tá deis uathúil ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLRD) feidhmiú mar mhol d'fhás geilleagrach agus d'infheistíocht isteach. Trínár naisc leis na soláthraithe oideachais den chéad scoth atá lonnaithe sa chontae a threisiú agus trí chomhaontuithe cairdis idirnáisiúnta a bhunú is féidir linn cabhrú chun cuideachtaí teicneolaíochta a mhealladh agus ag an am céanna cabhrú le gnóthaí áitiúla naisc a bhunú ar fud an domhain. Tá béim nua á leagan ar thacú le forbairt gníomhaíochtaí áineasa agus geilleagracha muirí, saoráidí ionaid chomhdhála agus imeachtaí, agus tairbhe a bhaint as deiseanna turasóireachta sna sléibhte.

Tá an t-ádh orainn go bhfuilimid inár gcónaí i gceantar ina bhfuil pobail rannpháirteacha, bhríomhara agus a bhfuil fonn orthu obair dheonach a dhéanamh. Táimid tiomanta do shaoráidí cultúrtha, pobail agus spóirt a chur ar fáil go leanúnach, go háirithe sna ceantair sin a bhfuil easnaimh bhonneagair sainaitheanta iontu. Táimid ag iarraidh rochtain ar dheiseanna súgartha agus ar spásanna amuigh faoin aer a fheabhsú, agus rannpháirtíocht i gcláir gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon a spreagadh. Tarraingítear aird sa Phlean Corparáideach seo ar ár n-uaillmhian seirbhísí freagrúla do chustaiméirí a sholáthar agus ár ríocht phoiblí a chothabháil ag ardchaighdeán.

Ciallaíonn ár dtírdhreach cósta agus sléibhe agus ár n-oidhreacht shaibhir go bhfuil aitheantas soiléir agus uathúil ag an gcontae laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá an raon leathan clubanna spóirt sa chontae inchomparáide leis na clubanna is fearr sa tír agus éiríonn thar cionn lenár n-iarrachtaí cultúrtha agus ealaíne ar an ardán náisiúnta. Tá ár bpáirceanna gnó in Áth an Ghainimh agus i gCoill na Silíní nuálach agus dírithe ar an domhan mór. Cruthaíonn ár mbailte stairiúla agus ár sráidbhailte uirbeacha, lena ngréasán suntasach de pháirceanna poiblí, ríocht phoiblí den chéad scoth. Cuireann an plean corparáideach seo leis na saintréithe tábhachtacha sin agus feabhsaíonn sé DLRD mar áit inmhianaithe chun cónaithe inti, cuairt a thabhairt uirthi agus oibriú inti, agus contae ar cúis bhróid dúinn a rá go bhfuil cónaí orainn ann.




## Teachtaireacht ó
# **Frank Curran**
## An Príomhfheidhmeannach



**Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, is é an ról atá agam an eagraíocht a stiúradh chun a misean a chomhlíonadh - seirbhísí ar ardchaighdeán, ionchuimsitheacha agus éifeachtúla a chur ar fáil do na pobail éagsúla atá ag fás ar fud an chontae.**

Soláthraíonn an Plean Corparáideach (2025-2029) seo treochlár don chéad chéim eile dár bhforbairt.

Ceann dár bpríomhthosaíochtaí é bonneagar a phleanáil agus infheistiú i mbonneagar a fhreastalaíonn ar na héilimh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Tá príomhbhéim fós á leagan ar thithíocht, agus táimid tiomanta do chinntiú go mbeidh raon roghanna tithíochta inoiriúnaithe ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla daoine ag gach céim den saol. Taobh leis sin, táimid ag méadú infhaigheacht na tithíochta inacmhainne agus sóisialta chun freastal ar riachtanais ár ndaonra atá ag méadú i gcónaí, fad is atáimid ag tacú le lár bailte agus le sráidbhailte ar fud an chontae a athnuachan.

Trí phobail atá sábháilte, nasctha agus ag comhoibriú le chéile a fhorbairt, leanfaimid ar aghaidh ag tacú le hionchuimsiú sóisialta agus le comhionannas, agus tabharfaimid aird ar leith ar dhaoine ó chúlraí imeallaithe nó leochaileacha.

Éascóidh ár dtiomantas do chomhpháirteachas poiblí deiseanna do phlé, d'obair dheonach, agus do rannpháirtíocht i dtionscnaimh ealaíon agus cultúrtha. Cumasóidh rochtain chothrom ar shaoráidí súgartha agus spóirt torthaí maithe sláinte agus feabhsóidh siad folláine daoine de gach aois.

Trí bheith ag obair le páirtithe leasmhara in oirthear agus in iarthar an chontae, forbróimid mol do raon níos leithne gnó, do na tionscail chruthaitheacha agus do thurasóireacht, agus leagfar béim ar thacú le fiontraíocht áitiúil agus le fás geilleagrach.

Beidh fianaise ar ár gceannaireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide le feiceáil inár gcleachtais tógála, i bhforbairt ár ngréasán taistil ghníomhaigh agus inár dtionscnaimh phobail ionchuimsitheacha. De réir mar a leanfar leis an obair, tacóidh comhpháirtíochtaí le soláthraithe fuinnimh inbhuanaithe agus forbairt bonneagair bhig leis an aistriú chuig todhchaí níos glaise, níos athléimní.

Tá fianaise le fáil sa Phlean Corparáideach seo ar ár dtiomantas do sheirbhís atá dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar, agus tá béim á leagan ar fhreagrúlacht, éifeachtúlacht agus rialachas eiticiúil. Tá spéis ag ár bhfoireann i bhféidearthachtaí an phlean agus tá sí tiomanta don phlean a sholáthar.

Tá mé ag súil le leanúint ar aghaidh le comhpháirtíocht chomhoibritheach agus chuiditheach lenár mbaill tofa, a mbeidh a gceannaireacht agus a bhfís riachtanach chun spriocanna uaillmhianacha an phlean a chomhlíonadh. I dteannta a chéile, tabharfaimid aird ar phrionsabail an dea-rialachais, cinnteoimid trédhearcacht, cuntasacht agus cothromas inár bpróisis chinnteoireachta ar fad.

Bhí ról lárnach ag an aschur ónár gcomhairliúchán fairsing lenár bpobail áitiúla, grúpaí gnó, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile i bhforbairt an phlean. Trí thacú le timpeallacht atá bunaithe ar iontaoibh agus ar phlé oscailte, is féidir linn a chinntiú go bhfuil a nguthanna agus réimsí spéise éagsúla á gcur san áireamh, go bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu agus go bhfuil meas orthu. Cinnteoidh ár dtiomantas comhroinnte go mbeidh contae DLRD ag feidhmiú mar áit inar féidir le daoine cónaí inti, a bheith ag obair inti agus mar áit ar féidir leo cuairt a thabhairt uirthi agus dul chun cinn a dhéanamh inti.




Réamhrá
# Ár gComhthéacs

Ag síneadh síos ó na sléibhte chomh fada leis an bhfarraige, tá Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin suite idir bruachbhailte seachtracha Chathair Bhaile Átha Cliath agus Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Is contae cliste, dinimiciúil é; áit mhealltach, ionchuimsitheach agus inrochtana do chách.

Tá an cósta sa chontae ag síneadh 17km agus tá cuid de na háiseanna nádúrtha is fearr in Éirinn le fáil ann. Tá rochtain iontach ar chóras iompair, deiseanna fostaíochta, saoráidí áineasa, oideachas, siopadóireacht mar aon le ríocht phoiblí mhealltach sa chontae. Is é an baile nua ag Coill na Silíní an bonneagar uirbeach is mó sa tír agus beidh 25,000 duine ina gcónaí sa bhaile nuair a bheidh na hoibreacha ar fad críochnaithe.

## Tithíocht a Éascú agus a Sholáthar

Tá an ráta úinéireachta tí is airde i gCo. Bhaile Átha Cliath i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tá méadú suntasach tagtha ar thógáil tithíochta sa cheantar, go háirithe árasáin. In 2022, taifeadadh an líon is airde áiseanna cónaithe críochnaithe sa chontae le breis is 10 mbliana anuas. Idir 2016 agus 2022 mhéadaigh an soláthar tithíochta in DLRD thart ar 7,000 teach, thart ar 1,200 sa bhliain, sin méadú de 8.4% ar an soláthar tithíochta iomlán sa chontae. Bhí an figiúr sin i bhfad níos airde ná an figiúr comparáideach don Stát a bhí cothrom le 6% (Daonáireamh 2022).

Mhéadaigh líon na dtithe críochnaithe go suntasach arís in 2023, tráth ar cuireadh oibreacha i gcrích ar bhreis is 2,325 teach nua sa chéad trí ráithe den bhliain (CSO). Is í an fhorbairt a seoladh le déanaí, Caisleán Sheangánaí, ina gcuimsítear tithe inacmhainne, tithe ar cíos de réir costais agus tithe sóisialta, an fhorbairt is mó san Eoraip atá deimhnithe chun caighdeán úsáide ísealfhuinnimh 'tí éighníomhaigh' a chomhlíonadh.

Mar bhonn leis an soláthar tithíochta beidh torthaí contae straitéiseacha atá bunaithe ar choincheap na comharsanachta deich nóiméad a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú gur féidir le daoine siúl, taisteal ar an rothar nó úsáid a bhaint as iompar poiblí chun rochtain a fháil ar riachtanais agus ar sheirbhísí laethúla cosúil le scoileanna, siopaí, páirceanna agus ionaid fostaíochta.

## An Gníomhú ar son na hAeráide a Stiúradh

Tá príomhbhéim á leagan againn ar ár dtimpeallacht nádúrtha a chosaint agus ar bhithéagsúlacht a spreagadh nuair atá beartais nuálacha maidir le húsáid fuinnimh agus feabhsú comhshaoil á bhfeidhmiú. Tá ár n-aeráid ag athrú. Tá teochtaí ag ardú, tá leibhéil farraige ag ardú agus tá patrúin frasaíochta ag athrú freisin. Táthar ag súil go leanfaidh na hathruithe seo ar aghaidh agus go n-éireoidh siad níos déine agus go mbeidh raon leathan tionchar acu ar an gcontae. Chiallaigh ár gceannaireacht chun déileáil leis an Athrú Aeráide trínár mbeartais taistil ghníomhaigh, dírithe ar inrochtaineacht agus ar roghanna ísealcharbóin, inbhuanaithe go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta chomh fada is a bhaineann le maoirseacht chomhshaoil.

I measc phríomhghnéithe straitéis um ghníomhú ar son na haeráide DLRD tá feithiclí leictreacha a cheannach más féidir nó, mar mhalairt air sin, feithiclí atá á gcumhachtú ag bithdhíosal, a chinntiú go bhfuil an soilsiú sráide ar fad éifeachtúil, agus a chaighdeán ISO 50001 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a choimeád. Lena chois sin, úsáidfear Criosanna Dícharbónaithe Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe chun léargas a thabhairt ar an tslí is féidir laghduithe astaíochtaí a chinntiú ar bhealach spriocdhírithe. Beidh an méid a fhoghlaimeoimid in úsáid ag gnóthaí, ag an earnáil phoiblí, ag cónaitheoirí agus ag cuairteoirí ar fud an chontae chun dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide ar ár gcósta agus ar ár bpobail.



## Tús Áite don Ré Dhigiteach

Tá ról níos mó de réir a chéile ag an teicneolaíocht i saol laethúil na bpobal sin agus inár saol oibre féin. Laistigh den timpeallacht dhigiteach atá ag athrú go tapa, tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin á forbairt mar fhiontar digiteach ina bhfuil ról lárnach ag teicneolaíocht ina héifeachtacht oibríochtúil. Sa timpeallacht chasta seo, ní mór go mbeadh próisis solúbtha agus in ann dul in oiriúint go tapa d'éilimh úsáideoirí agus na réitigh chearta a chur ar fáil do na tascanna atá á gcur i gcrích.

Tacaíonn DLRD le cur chuige atá bunaithe ar Thús Áite don Ré Dhigiteach i ndáil lena sheirbhísí a sholáthar, an oiread is féidir dá phróisis ghnó agus iarratais a chur ar fáil ar líne, agus deiseanna a thabhairt d'fhostaithe tairbhe a bhaint as obair chumaisc chun a gcaighdeán beatha a fheabhsú agus chun tionchair aeráide, a bhaineann le cúrsaí taistil, DLRD a laghdú. Ag tacú leis sin tá feasacht nach bhfuil rochtain ag ár bpobail ar fad ar theicneolaíocht nó ar fhorbairt scileanna TF; táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara eile chun dul i ngleic leis sin.

## Foghlaim don Saol

Tá saoráidí oideachais den chéad scoth le fáil sa chontae; cuireann COBÁC agus IEDT saoráidí oideachais agus taighde ar fáil do na mílte mac léinn gach bliain; tá siad ag leanúint ar aghaidh le príomhról a bheith acu chomh fada is a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh. Tá scoileanna dara leibhéal den chéad scoth le fáil mórthimpeall an chontae atá ag freastal ar mhic léinn de gach aois, agus chomh maith leis sin, soláthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna deiseanna oideachais éagsúla do dhaoine i rith a saoil.

Tá dílseacht agus tiomantas láidir don Ghaeilge le brath i measc ár bpobal. Is fianaise ar an méid sin é an líon méadaithe Gaelscoileanna ar fud an chontae idir Áth an Ghainimh agus Stigh Lorgan agus Seanchill, a fháiltíonn roimh leanaí agus daoine óga agus a dteaghlaigh.

## Pobail Láidre a Chothú

Tá ceann de na rátaí rannpháirtíochta is airde i gcúrsaí spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil le tabhairt faoi deara in DLRD i gcomparáid le haon údarás áitiúil eile in Éirinn. Cabhraíonn na saoráidí sin chun pobail athléimneacha láidre a fhorbairt, ionchuimsiú sóisialta a mhéadú agus míbhuntáiste sa chontae a laghdú. Tarraingíodh aird inár bhfeidhmíocht le blianta beaga anuas ar imeascadh rathúil daoine nuathagtha inár gcontae.

Ainneoin go bhfuil an t-ioncam teaghlaigh airmheánach is airde sa Stát á thuairisciú againn, níl ioncam teaghlaigh á dháileadh go cothrom ar fud an chontae agus tá ceantair ann ina bhfuil leibhéal ard de dhíothacht shocheacnamaíoch le tabhairt faoi deara. Tá 4.7% den daonra iomlán rangaithe mar dhaonra atá faoi mhíbhuntáiste nó faoi an-mhíbhuntáiste. Tá an ráta dífhostaíochta i measc na gcohórt sin cothrom le 21.4%. Cuirtear san áireamh sa Phlean Corparáideach seo go gcruthaíonn rochtain chothrom ar sheirbhísí áitiúla, forbairt scileanna agus áiseanna cultúrtha agus áineasa deiseanna do dhaoine chun páirt a ghlacadh ina bpobail áitiúla agus go bhfuil siad riachtanach chun sláinte mhaith a chinntiú, uaigneas a chosc agus barr a gcumais a bhaint amach.

## Tacú le Geilleagar Bisiúil

Tá roinnt fostóirí móra lonnaithe i gContae DLRD. Tá fás geilleagrach láidir ag brath ar chuideachtaí TF agus cógaisíochta idirnáisiúnta atá lonnaithe sa cheantar, mar aon le hionaid airgeadais agus tionscail seirbhíse, atá suite ar fud an chontae sa Charraig Dhubh, Dún Laoghaire, Dún Droma, Stigh Lorgan, Coill na Silíní agus Ceantar Gnó Áth an Ghainimh.

Soláthraíonn na comhpháirtíochtaí atá á bhforbairt againn le hinstitiúidí tríú leibhéal sa chontae deiseanna taighde agus forbartha iontacha chun tuilleadh infheistíochta isteach a fheabhsú. Tá na pleananna leanúnacha d'athnuachan Chuan Dhún Laoghaire dírithe ar dheiseanna chun an earnáil turasóireachta, caithimh aimsire agus mhuirí a fhorbairt, agus tá fianaise ann gur dóigh le soláthraithe fuinnimh amach ón gcósta gur féidir leis an réigiún tairbhe a bhaint as comhghuaillíochtaí straitéiseacha.







## Spásanna agus Áiteanna Taitneamhacha a Sholáthar

Tá áilleacht nádúrtha ár gcontae dochreidte, agus glactar lena thírdhreach spreagúil agus timpeallacht nádúrtha mar chuid dá shócmhainní is luachmhaire. Tá 191 páirc imeartha sa chontae, lena n-áirítear páirceanna sacair, CLG, rugbaí agus cruicéid mar aon le 63 páirc, lena n-áirítear 13 pháirc mhór/phríomhpháirc. Meastar go bhfuil 80% de theaghlaigh in DLRD laistigh de 600 méadar ó pháirc. Lena chois sin, tá oidhreacht chultúrtha shaibhir sa chontae mar aon le hearnáil chruthaitheach atá faoi bhláth, dhá ghné a chuireann go suntasach lenár n-aitheantas uathúil, folláine fhoriomlán agus beogacht gheilleagrach.

Tá príomhról ag bailte agus ag sráidbhailte sa chontae a thairgeann seirbhísí riachtanacha do chónaitheoirí, ionaid do ghnóthaí agus nithe is díol spéise do chuairteoirí. Soláthróidh feabhsuithe ar an gcóras iompair, lena n-áirítear BusConnects, nascacht soir/siar ar fud an chontae, agus rachaidh siad i ngleic le srianta soghluaisteachta atá sa chontae faoi láthair.

Is mol lárnach agus áit chruinnithe iad ár leabharlanna dár bpobail agus tá siad oscailte don phobal i gcomhair 382 uair an chloig sa tseachtain, lena n-áirítear uaireanta Mo Leabharlann Oscailte – ceann de na seirbhísí leabharlainne poiblí is cuimsithí in Éirinn. Tá sé beartaithe leabharlanna nua ar ardchaighdeán a oscailt i mBaile Uí Ógáin agus i Stigh Lorgan freisin; rud a thacóidh tuilleadh le torthaí ionchuimsithe agus folláine dár gcónaitheoirí ar fad, nó dóibh siúd a bhfuil cuairt á tabhairt acu ar an gcontae. Is ceann scríbe lena mbaineann suntas náisiúnta é Ionad Cultúrtha Lexicon, a mbíonn breis is 200,000 cuairteoir ag triall air gach bliain, agus inár n-ocht leabharlann bhrainse soláthraítear rochtain ar spásanna comhchoiteanna sábháilte agus spreagúla, spásanna ar féidir le daoine fásta agus le páistí bualadh lena chéile iontu, eolas a roinnt lena chéile agus saothar a chruthú lena chéile

## Cruthaitheacht a Spreagadh

Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir againn agus cúlra fada de rannpháirtíocht leis na healaíona; tá cónaí ar go leor scríbhneoirí, ealaíontóirí agus ceoltóirí cáiliúla inár measc.

Tá cáil náisiúnta ar Amharclann an Phailliúin ar an taobh thoir den chontae mar gheall ar an gcur chuige nuálach a gcleachtaítear inti. Bíonn lucht féachana as ar fud an chontae ag triall ar an amharclann mar aon le daoine as níos faide ó bhaile. Ar an taobh thiar den chontae tá cáil á baint amach ag Amharclann an Mhuilinn i nDún Droma mar gheall ar na cláir éagsúla a bhíonn é n-eagrú agus bíonn go leor daoine de bhunadh na háite ag triall ar an áit.

Trí mheas ar oidhreacht áitiúil a spreagadh agus trí thuiscint ar shaibhreas áite a chothú in DLRD trí imeachtaí, taibhithe agus ealaín sráide, tarraingítear aird ar shraith shaibhir chultúrtha d'eispéireas dár bpobail.

Níl an oiread céanna sócmhainní oidhreachta le fáil in áit ar bith eile, rud a chuireann leis an mórtas cine is ceantair atá le tabhairt faoi deara.

Ár nÉachtaí

# Spléachadh ar DLRD

Tithíocht

## 3,500
Teach nua curtha ar fáil i rith 2020 – 2024 trí gach modh seachadta

## 317
Réadmhaoin iarfheistithe tríd an gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh i rith 2021 – 2024

## 51
Teach ceannaigh inacmhainne seolta ag Eastát Chaisleán Sheangánaí in 2024

## 2,300
Leithdháileadh déanta i rith 2020 - 2024

Taisteal Gníomhach

## 53
Ciliméadar de bhonneagar rothaíochta curtha leis an ngréasán le 4 bliana anuas

Trá

## Stádas Brataí Goirme
Bainte amach ag trá an Phointe agus Chill Iníon Léinín ó 2020/21

Soilsiú Poiblí

## 24,000+
Solas

Oibríochtaí Oíche Shamhna 2024

## 37
Tona d'ábhar tine cnámh bainte amach as an gContae

Clár na dToghthóirí

## 175,000+
Vótálaí

Pleanáil

## R-Phleanáil
Suíomh gréasáin áisiúil don úsáideoir seolta in 2024

## 1,300
Meánlíon na n-iarratas pleanála bailí sa bhliain

An Cuan

## 219
Long chrúsála tagtha i dtír i gCuan DLRD ó 2022

## Máistirphlean
Tús curtha leis an gcomhairliúchán 2024

OFÁ — Ó 2020

## €3.8M
I ndáil le Féidearthacht, Príméail, Forbairt agus Tacaíocht don Mhargadh Easpórtála ceadaíodh breis is 246 Iarratas Airgeadais

## 2,803
cliaint a bhain tairbhe as Tacaíocht Mheantóireachta

## 13,378
Ag freastal ar Chláir Oiliúna, Imeachtaí agus Líonrú

Páirceanna

## Páirc an Draighin
Páirc phoiblí nua in Áth an Ghainimh

## 3 Pháirc Choill na Silíní
Páirc na Tulaí, Páirc Thigh an Chnoic agus Páirc Bheicéid

## Luascán-We-Go
Suiteáilte i bPáirc Chill Bheagóige in 2024 d'úsáideoirí cathaoireach rothaí

Leabharlann — 2023

## 53,518
Líon iomlán na mball Leabharlainne in 2023 (23% de dhaonra DLRD bunaithe ar na figiúirí daonáirimh is déanaí)

## 1,213,940
Líon iomlán eisiúintí (566,989 - leabhar/mír fhisiciúil agus 646,951 leabhar digiteach/sruthú etc)

## 806,714
Líon ball sna 8 mbrainse

## 31,523
Cuairt ar Mo Leabharlann Oscailte (rochtain leabharlainne lasmuigh de ghnáthuaireanta ar fáil i nGráinseach an Déin agus i nDeilginis)

Bailte agus Sráidbhailte

## Paráid Lá Fhéile Pádraig
Eagraithe i mbaile Dhún Laoghaire arís in 2024

## 39
Múrphictiúr suiteáilte ar fud an chontae ó 2021

Ríocht Phoiblí

## Sráidbhaile na Carraige Duibhe
Oibreacha feabhais

## Dealbh Ruairí Mhic Easmainn
Suiteáilte ag láithreán Folcadáin Dhún Laoghaire

## Folcadán Dhún Laoghaire
Athoscailte in 2022 agus Caifé Happy Out le hoscailt in 2023

## Cearnóg an Mhiortail
Oscailte in 2023 - spás poiblí bríomhar

# Ár bPlean Corparáideach



# Ár bhFís

Contae forchéimnitheach, inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus inrochtana a mbeidh geilleagar láidir ag tacú leis.

# Ár Misean

Oibriú le chéile chun seirbhísí údaráis áitiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

# Ár Luachanna

**Duinelárnach:** Riachtanais agus folláine ár bhfoirne agus pobal a chur ag croílár ár gcuid oibre.

**Measúil:** Timpeallacht a chothú ina bhfuil tús áite á thabhairt do chóimheas, dínit agus cothroime, ina gcaitear le gach duine go tuisceanach agus go cúirtéiseach.


**Uaillmhianach:** Iarracht a dhéanamh barr feabhais agus nuálaíocht a chinntiú, agus iarracht leanúnach a dhéanamh feabhsú.

**Oibriú le chéile:** Comhoibriú go héifeachtach agus comhpháirtíochtaí láidre a bhunú chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach.

**Éifeachtúil:** Lántairbhe a bhaint as ár n-acmhainní agus iarracht a dhéanamh seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil go pras agus go héifeachtúil.

# Spriocanna agus Cuspóirí Corparáideacha

## Colúin Straitéiseacha





Colún Straitéiseach 1

# Tithíocht, Bonneagar agus Pleanáil

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Sprioc Chorparáideach 1

## Beidh folláine an phobail ag brath ar phleanáil straitéiseach ionchuimsitheach, tithíocht leordhóthanach ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus forbairt bhonneagair riachtanach a dhéanamh chun tacú leis.


## Cuspóirí

I. Pleanáil do riachtanais a bheidh ann amach anseo trí infheistiú i mbonneagar cumasúcháin straitéiseach a fhorbróidh agus a chothóidh nascacht mhaith ar fud an chontae.

II. A chinntiú go bhfuil roghanna tithíochta inoiriúnaithe, inar féidir le daoine fás agus dul in aois, á ndearadh chun inchónaitheacht a fheabhsú do dhaoine de gach aois agus de gach cumas.

III. Infhaighteacht tithíochta inacmhainne agus sóisialta a mhéadú chun freastal ar éilimh ár ndaonra atá ag fás.

IV. Forbairtí úsáide measctha a sholáthar ina gcuimsítear spásanna tráchtála, sóisialta agus caithimh aimsire a thacóidh lenár sráidbhailte, lár bailte agus pobail.





Colún Straitéiseach 2

# Pobail Nasctha agus Cultúr

## Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

## Sprioc Chorparáideach 2

Spreagfaidh muintearas agus eispéiris chultúrtha agus caithimh aimsire spreagúla ionchuimsitheacht agus mórtas comhchoiteann.

## Cuspóirí

I. Tacú le pobail atá nasctha, sábháilte agus ag comhoibriú lena chéile, inar féidir le daoine a bheith faoi bhláth i rith a saoil.

II. Daoine, grúpaí pobail áitiúla, líonraí agus fiontair shóisialta a chumhachtú chun tacú le hionchuimsiú sóisialta, comhionannas agus imeascadh, lena n-áirítear iad siúd atá imeallaithe nó leochaileach chun déileáil le riachtanais phobail chomhchoiteanna.

III. Comhoibriú le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil DLRD agus leis na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail chun plé oscailte, comhpháirteachas poiblí, forbairt scileanna digiteacha agus deiseanna oibre deonaí a éascú.

IV. Saoráidí pobail breise a sholáthar bunaithe ar riachtanais sainaitheanta i dteannta le tionscnaimh ísealchostais, ardtionchair inár bpáirceanna agus ríocht phoiblí.

V. Rannpháirtíocht a spreagadh, beag beann ar chúlra, aois ná cumas i dtionscnaimh chultúrtha agus i gcláir ealaíon a dhéanann ceiliúradh ar an oidhreacht chultúrtha éagsúil agus ar na féiniúlachtaí comhaimseartha atá le fáil laistigh de DLRD.

VI. Rochtain ar shaoráidí agus ar chláir súgartha agus spóirt, conairí siúil agus spásanna amuigh faoin aer a chumasú chun folláine fhisiciúil, shóisialta agus mheabhrach gach duine a fheabhsú.

VII. Sócmhainní saibhre cultúrtha, cruthaitheacha, stairiúla agus oidhreachta ailtireachta an chontae a chosaint agus a chur chun cinn.





Colún Straitéiseach 3

# An Gníomhú ar son na hAeráide

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

## Sprioc Chorparáideach 3

Contae atá aeráid-díonach, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

## Cuspóirí

I. Dea-chleachtas a chinntiú chomh fada is a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide agus leis an mbithéagsúlacht trí thacú le meascán de bhearta oiriúnaithe agus maolaithe chun aeráid-díonacht a chothú

II. Tacú leis an ngeilleagar ciorclach trí obair a dhéanamh chun úsáid acmhainní, táirgí, sócmhainní a uasmhéadú agus ag an am céanna ídiú agus diomailt ar fud an chontae a íoslaghdú.

III. Iarfheistiú céimnithe foirgneamh atá faoi úinéireacht na Comhairle cheana féin a fheidhmiú, lena n-áirítear caighdeáin tógála atá tíosach ar fhuinneamh, cleachtais tógála ísealcharbóin agus inbhuanaithe agus deiseanna téimh ceantair.

IV. Oibriú le comhpháirtithe chun líonra iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh a fhorbairt agus a fheabhsú, agus díriú ar inrochtaineacht agus ar roghanna inbhuanaithe, ísealcharbóin.

V. Bonneagar atá bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbairt, cosúil le córais bhainistíochta tráchta chliste, soilsiú poiblí atá tíosach ar fhuinneamh agus seirbhísí poiblí nasctha.

VI. Comhghuaillíochtaí straitéiseacha a bhunú le soláthraithe fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

VII. An tuiscint go bhfuil maoirseacht chomhshaoil á déanamh trí thairbhe a bhaint as cur chuige ionchuimsitheach maidir le feasacht a mhúscailt faoin ngníomhú ar son na haeráide i dtionscadail a bhfuil an pobal freagrach astu agus i dtionscnaimh chultúrtha.






Colún Straitéiseach 4

# Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Sprioc Chorparáideach 4

## Timpeallacht ghnó dhinimiciúil, iomaíoch a fhorbairt a thacóidh le fiontar agus a bhainfidh tairbhe as ár bpoitéinseal mar cheann scríbe mealltach do thurasóirí.

## Cuspóirí

I. Tairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le forbairt agus le fiontar geilleagrach áitiúil trí infheistíocht dhíreach eachtrach, fiontraíocht inbhuanaithe agus eispéiris dhinimiciúla do chuairteoirí.

II. Tacú le prionsabail ‘tús áite do lár an bhaile’, tacú leis an ngeilleagar oíche agus an ríocht phoiblí inár mbailte agus sráidbhailte uirbeacha a fheabhsú.

III. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin a fhorbairt mar mhol do ghnó agus don tionscal cruthaitheach agus do thionscal na scannán chun an geilleagar áitiúil a spreagadh agus chun tacú le fás geilleagrach.

IV. Tacú le turasóireacht áineasa mhuirí, turasóireacht sléibhe agus saoráidí comhdhála agus imeachtaí chun tairbhe a bhaint as gníomhaíocht gheilleagrach.

V. Tacú le agus oibriú i gcomhpháirt le hinstitiúidí oideachais áitiúla chun cláir a fhorbairt i bpríomhearnálacha straitéiseacha cosúil leis an tionscal dearaidh, ETIM, turasóireachta agus cruthaitheach.

VI. Seirbhísí cuíchóirithe a chur ar fáil agus tacaíochtaí do ghnóthaí chun cur ar chumas gnóthaí áitiúla dul chun cinn a dhéanamh.

VII. Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara sna hearnálacha gnó agus turasóireachta chun poitéinseal geilleagrach an chontae a chur chun cinn agus margaíocht a dhéanamh ar bhealach comhordaithe agus spriocdhírithe.





Colún Straitéiseach 5

# Barr Feabhais Oibríochtúil

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

## Sprioc Chorparáideach 5

Beidh cultúr d'fheabhas leanúnach mar bhonn le forbairt foirne agus soláthar seirbhíse, agus cinnteofar na caighdeáin is airde éifeachtúlachta, cáilíochta agus nuálaíochta.

## Cuspóirí

I. Seirbhísí ar ardchaighdeán, freagrúil, inrochtana agus dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais cónaitheoirí, gnóthaí agus cuairteoirí.

II. Feidhmiú mar rogha fostóra trí fhoireann atá spreagtha, oilte agus rannpháirteach a chumhachtú, agus a sábháilteacht, folláine agus forbairt a chinntiú.

III. Tacú le Baill Tofa, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile chun oibriú le chéile chun spriocanna coiteanna a chomhlíonadh.

IV. A chinntiú go bhfuil gach próiseas cinnteoireachta ailínithe le prionsabail an chothroime, an chothromais agus leas an phobail.

V. Díriú ar chothabháil ar ardchaighdeán a chur ar fáil inár ríocht phoiblí agus inár soláthar tithíochta sóisialta.

VI. Soláthar seirbhíse a fheabhsú go leanúnach trí thairbhe a bhaint as teicneolaíocht, próisis a chuíchóiriú agus cultúr atá bunaithe ar éifeachtúlacht agus ar nuálaíocht a chothú.

VII. Úsáid a bhaint as ár gcreataí rialachais agus maoirseachta chun rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a shainaithint, a mheas agus a mhaolú.

VIII. A chinntiú go bhfuil cistí poiblí á mbainistiú go héifeachtúil, lántairbhe a bhaint as bailiú ioncaim agus oibriú le páirtithe leasmhara chun tairbhe a bhaint as deiseanna maoinithe oiriúnacha.

IX. Úsáid a bhaint as cumas na heagraíochta chun cinntí eolasacha a dhéanamh bunaithe ar anailísíocht sonraí atá bunaithe ar fhianaise, cruinn, tráthúil agus cuimsitheach.

X. Tiomantas DLRD maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú i ngach gné dár n-oibríochtaí a dhearbhú.

XI. Cumarsáid shoiléir, chomhsheasmhach agus inrochtana a dhéanamh ar fud na heagraíochta, cur chuige láidre bunaithe ar phlé a spreagadh i ngach roinn sa Chomhairle, agus lenár spriocphobail sheachtracha.



## Ár bhFoireann
# Príomhfhíricí


| | | | |
|---|---|---|---|
| **20%** | de mhéadú ar dhaonra iomlán an chontae le 16 bhliain anuas. | **4%** | de mhéad ar an daoine atá idir 0-24 bliain d'aois ó 2022. |
| **52%** | de dhaonra DLRD in 2022 = mná. | **48%** | de dhaonra DLRD in 2022 = fir. |
| **7.3%** | fás daonra ó 2016, ag teacht, a bheag nó a mhór, le ráta fáis an Stáit atá cothrom le 8.1%. | **17%** | (39,918) de dhaonra DLRD = 65+ bliain d'aois, níos airde ná 15% sa Stát trí chéile. |
| **0.2%** | de dhaonra DLRD = Pobal an Lucht Siúil, i gcomparáid le 0.6% sa stát trí chéile. | **83%** | de dhaonra DLRD = Éireannaigh, fianaise ar an éagsúlacht atá ag dul i méid. |

Daonáireamh 2022 POS



## Ár gComhairle
# Ár Modh Oibre

### Ár Struchtúr




Páirteach i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tá 40 Comhairleoir, atá tofa ó shé Thoghcheantar. Maireann téarma gach Comhairleoir cúig bliana. Agus iad mar an lucht déanta beartais, cuireann na Comhairleoirí a n-údarás i bhfeidhm le Feidhmeanna Forchoimeádta. I measc na bhfeidhmeanna sin, tá glacadh leis an bPlean Forbartha Contae, an Plean Corparáideach, an Buiséad Bliantúil, lena n-áirítear na rátaí tráchtála a shocrú, agus an Cháin Mhaoine Áitiúil a athrú.

Is iad na Comhairleoirí agus an Feidhmeannas i dteannta a chéile atá freagrach as seirbhísí poiblí riachtanacha a chur ar fáil do phobail áitiúla. Glacann Comhairleoirí le príomhbheartais agus cuireann an Feidhmeannas na príomhbheartais sin i bhfeidhm ag leibhéal oibríochtúil agus rialála ar mhaithe le leas an chontae. I measc na gcinntí sin, gan a bheith teoranta dóibh, tá pleanáil, rialú buiséid agus leithdháiltí tithíochta.

Tacóidh an Feidhmeannas le Comhairleoirí lena róil bheartais agus ionadaíocha trí sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don GBC, na CBSanna agus ag cruinnithe na Comhairle, tríd an úsáid a bhaintear as córais TFC a uasmhéadú, cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do Bhaill agus teacht ar CLS maidir le hoibriú an chórais BCC.

## Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBS)

| Coistí um Beartais Straitéiseacha | | | |
|---|---|---|---|
| Tithíocht | Pleanáil | An Gníomhú ar son na hAeráide | Airgeadas |

| | | |
|---|---|---|
| An Timpeallacht agus Iompar | Forbairt Gheilleagrach, Fiontair agus Muirí | Pobal, Cultúr, Imeascadh agus rannpháirtíocht phoiblí |

Is é an tasc atá le cur i gcrích ag na CBSanna ná comhairle a chur ar fáil agus cabhrú leis an gComhairle lena cuid oibre a bhaineann le foirmliú, forbairt, athbhreithniú agus feidhmiú beartais a bhaineann le feidhmeanna de chineál straitéiseach. Tá sé mar aidhm ag na CBSanna deis a thabhairt do Chomhairleoirí agus d'ionadaithe leasanna earnála ábhartha a bheith páirteach sa phróiseas cinnteoireachta ó na céimeanna tosaigh.

Tá ról straitéiseach ag an GBC, agus nascann sé agus comhordaíonn sé an obair atá á déanamh ag CBSanna difriúla. Ag feidhmiú mar nasc idir na CBSanna agus an chomhairle iomlán, beidh an GBC ag feidhmiú mar fhóram inar féidir seasamh beartais a bhfuil tionchar acu ar an gComhairle iomlán a chomhaontú chun a leithéid a chur faoi bhráid na Comhairle iomláine. Páirteach sa GBC tá An Cathaoirleach agus Cathaoirligh na CBSanna agus beidh an Príomhfheidhmeannach agus a (h)ainmnithigh i láthair. Tuairisceoidh An Cathaoirleach don Chomhairle maidir leis an obair atá á déanamh ag an GBC.







# Ár nEagraíocht agus Ár Seirbhísí

I láthair na huaire tá thart ar 1,200 ball foirne in DLRD ag a bhfuil raon scileanna éagsúla agus tá siad ag obair i roinnt suíomhanna i gceantar an údaráis áitiúil. Foireann Ceannaireachta a bhfuil an Príomhfheidhmeannach freagrach aisti atá freagrach as ár bhfoireann a stiúradh.

Tacaíonn ár seirbhísí le breis is 233,000 cónaitheoir agus gnóthaí freisin, a fhostaíonn breis is 85,878 fostaí sa chontae. Is fianaise iad na staitisticí sin ar na feidhmeanna ar fad atá á soláthar againn mar sholáthraí seirbhíse, éascaitheoir/soláthraí bonneagair, rialtóir agus cumasóir na forbartha geilleagraí agus pobail.

Cuimsítear inár bPlean Corparáideach sraith spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil a chlúdaíonn an raon seirbhísí atá á gcur ar fáil againn, agus tá clár oibre aonair ar fáil do gach ceann. Tá cumas na heagraíochta chun na scileanna agus na hinniúlachtaí atá riachtanach d'athnuachan leanúnach ár gcultúir oibre a phróifíliú, a mhealladh agus a choimeád riachtanach chun soláthar rathúil na seirbhísí sin a chinntiú. Chuireamar Plean Foirne Oibre Straitéiseach i dtoll a chéile in 2023 agus déanfaimid athbhreithniú ar an bPlean Foirne Oibre go bliantúil chun a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne agus scileanna inmheánacha chun cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a chomhlíonadh.

Tá sé mar aidhm againn cultúr a chruthú ina bhfuil ról lárnach ag barr feabhais sa chumarsáid san obair ar fad a dhéanaimid. Príomhghné dár gcur chuige é eolas maidir leis an gcineál oibre a dhéanann an Chomhairle a roinnt go soiléir le spriocphobail éagsúla inmheánacha agus seachtracha.

Díríonn ár gcumarsáid sheachtrach ar eolas agus ar thuiscint ar DLRD a fheabhsú, agus a bhranda a dhearbhú; céard a dhéanann sé, cén cineál seirbhísí a sholáthraíonn sé, cén cineál freagrachtaí atá air, cén cur chuige atá in úsáid chun obair a dhéanamh, conas is féidir rochtain a fháil ar sheirbhísí agus conas is féidir teagmháil a dhéanamh le baill foirne ábhartha.

Ciallaíonn cumarsáid inmheánach éifeachtach a éascú go bhfuil comhráite éifeachtacha á gcumasú idir na comhpháirtithe agus na baill foirne ar fad laistigh de DLRD ionas gur féidir tacú le sreabhadh faisnéise éifeachtach 2-bhealach, go háirithe i ndáil le príomhchinntí. Feabhsaíonn an plé leanúnach sin, i dteannta le measúnú agus monatóireacht rialta ar éifeachtacht cumarsáide, meanma agus forbraíonn sé níos mó caipitil shóisialta eagraíochtúil.

# Feidhmiú, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Ceanglaíonn an reachtaíocht go n-ullmhaítear Plean Corparáideach nua i ndiaidh Comhairle nua a thoghadh.

Dá réir sin, is ceanglas reachtúil é an Plean Corparáideach sin, i ndiaidh Thoghcháin Áitiúla 2024 a reáchtáladh i mí Meithimh 2024. Aithníonn an Plean ordlathas na bpleananna agus na reachtaíochta ó leibhéal an AE, ó na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha, ó leibhéal an chontae agus ón leibhéal áitiúil chun an phleanáil straitéiseach a rialú don Chomhairle.

Sainaithnítear sa Phlean Corparáideach seo raon cuspóirí straitéiseacha a bhfuil sé beartaithe ag DLRD a sheachadadh as seo go ceann cúig bliana. Cuirfidh an plean dlús le feidhmíocht i gcomhar le pleananna Údaráis Áitiúil eile.

## Ról na gComhaltaí Tofa

Is é ról tosaigh na gComhaltaí Tofa agus an Plean Corparáideach á chur i bhfeidhm ná glacadh leis an bPlean sin mar chuid dá bhFeidhmeanna Forchoimeádta. Is Feidhm Fhorchoimeádta é glacadh leis na Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla a eascraíonn ón bPlean Corparáideach freisin. Tá tuarascálacha míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle bunaithe ar na Pleananna Seachadta Seirbhíse Corparáideacha agus Bliantúla, ina roinntear eolas le Baill maidir le dul chun cinn a rinneadh i gcomparáid leis na spriocanna agus leis na cuspóirí, agus tugann siad deis do na Baill na tuarascálacha a phlé le Foireann Ceannaireachta na Comhairle ag cruinnithe míosúla na Comhairle.

**www.dlrcoco.ie/council-democracy/dlr-councillors**


## Ról na Foirne Bainistíochta agus na mBall Foirne

Tá foireann DLRD freagrach as an bPlean Corparáideach a sheachadadh. Forbróidh gach limistéar feidhme Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla a bheidh comhsheasmhach leis an mBuiséad Bliantúil agus leis an bPlean Corparáideach. Cuimseofar iontu sin pleananna gníomhaíochta mionsonraithe, agus ar an tslí sin cinnteofar tuairisciú soiléir agus cruinn maidir le leibhéal comhlíonta na spriocanna agus na gcuspóirí. Tuairisceofar dul chun cinn ar na Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla don Chomhairle trí Thuarascálacha Míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh.

**www.dlrcoco.ie/managementteam**



## Ordlathas na bPleananna




## Tuairisciú




Tuarascáil Bhliantúil www.dlrcoco.ie/council-democracy/governance/annual-reports

Tuarascálacha Míosúla Phríomhfheidhmeannach DLRD www.dlrcoco.ie/governance/management-reports

## Aguisín



# An Próiseas Comhairliúcháin

## An méid a d'inis siad dúinn

Thug Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi chomhairliúchán poiblí agus inmheánach a bheadh mar bhonn le forbairt an Phlean Chorparáidigh i gcomhair 2025-2029.

Reáchtáladh an comhairliúchán idir Iúil agus Meán Fómhair 2024 agus san áireamh ann bhí:

- Suirbhé poiblí[2] ina raibh 13 cheist, agus ba é an aidhm a bhí lena bhformhór cinneadh a dhéanamh maidir le tuiscint an phobail agus na bpáirtithe leasmhara ar na príomhréimsí oibre a chóir do DLRD díriú orthu as seo go ceann cúig bliana.
- Ceardlanna comhairliúcháin le Comhaltaí Tofa DLRD
- Ceardlann chomhairliúcháin le grúpaí pobail agus gnó[3].
- Cruinnithe agus ceardlanna le baill foirne agus le foirne bainistíochta DLRD. I rith trí lá i mí Iúil 2024, d'eagraigh an Chomhairle Contae roinnt cruinnithe a raibh daoine i láthair acu agus roinnt ceardlann do bhaill foirne atá ag obair i réimsí éagsúla sa Chomhairle. Ba é cuspóir na gceardlann aiseolas a fháil uathu siúd atá freagrach as níos mó ná 1,000 seirbhís de chuid na Comhairle a chur ar fáil. Roinn na baill foirne an méid a bhí ar eolas acu agus a léargas féin a bhí bunaithe ar a n-idirghníomhaíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara na comhairle a mbíonn siad ag idirghníomhú agus ag freastal orthu gach lá. Reáchtáladh ceardlanna foirne in Áras an Chontae, Dún Laoghaire agus in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.
- Suirbhé foirne: Cuireadh suirbhé ar líne ar fáil do gach ball foirne i gcomhair coicíse idir an 23 Lúnasa agus an 6 Meán Fómhair 2024. Úsáideadh an suirbhé sin freisin chun rannpháirtíocht aon bhall foirne a éascú nach raibh ar a gcumas freastal ar cheardlanna i rith mhíonna an tsamhraidh.

Phléigh rannpháirtithe i gceardlanna, a raibh comhaltaí tofa ina measc, gníomhaireacht, an earnáil pobail agus dheonach, gnóthaí áitiúla agus foireann na Comhairle tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí don chúig bliana amach romhainn faoi na ceannteidil seo a leanas:

**Tithíocht, Bonneagar agus Pleanáil**

**Pobal agus Cultúr**

**An Gníomhú ar son na hAeráide**

**Fás Geilleagrach agus Turasóireacht agus**

**Barr Feabhais Oibríochtúil.**

Chomh maith leis sin, bhí deis ag rannpháirtithe an Plean Corparáideach roimhe sin a athbhreithniú, agus ag díriú ar na cúig bliana amach romhainn fiafraíodh díobh a dtuairimí maidir leis an méid seo a leanas a roinnt:

- Fís agus misean DLRD
- A bhunluachanna
- Tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí i gcomhair 2025-2029.

Spreagadh rannpháirtithe i gceardlanna comhairliúcháin chun an suirbhé poiblí a roinnt lena líonraí/dtoghthóirí.

Tharraing an Chomhairle go leor airde ar an gcomhairliúchán poiblí sna meáin chlóite, na meáin shóisialta, ar líne agus trí líonraí agus imeachtaí páirtithe leasmhara.

Athbhreithníodh agus breithníodh an t-aiseolas ar fad a bailíodh i rith na tréimhse comhairliúcháin, agus i dteannta le staidéar eile agus le cláir agus le pleananna eile de chuid na Comhairle, bhí sé mar bhonn le Plean Corparáideacha Chomhairle Contae DLRD 2025-2029.



**Inbhuanaithe** | **Pobal** | **Ag Díriú ar an Todhchaí** | **Nasctha** | **Athléimneach**

Chomh fada is a bhaineann le rannpháirtithe uile an chomhairliúcháin, thug a bhformhór tús áite do **Thithíocht**, agus ina dhiaidh sin do **Phobal** agus **d'Fhorbairt Chultúrtha.**

Chomh maith leis sin, bhí rannpháirtithe ag iarraidh go leagfaí béim sa Phlean Corparáideach ar chontae atá **inbhuanaithe**, **dírithe ar an bpobal**, **dírithe ar an todhchaí**, **nasctha** agus **athléimneach**.

# Beartais agus Pleananna

## Straitéisí agus Beartais Tacaíochta

Seo thíos liosta, nach bhfuil uileghabhálach, de Dhoiciméid Bheartais agus Straitéise

| Straitéis/Beartas | Tithíocht, Bonneagar agus Pleanáil | Pobail Nasctha agus Cultúr | An Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht | Barr Feabhais Oibríochtúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Beartas ag Leibhéal AE/ Idirnáisiúnta** | | | | | |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe | ○ | | ○ | | |
| Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide | ○ | | ○ | | |
| Treoir an AE maidir le Tuilte | ○ | | ○ | | |
| **Náisiúnta** | | | | | |
| Straitéis Chlaochlaithe um Sheirbhísí Poiblí Níos Fearr 2030 | | | | | ○ |
| Plean Náisiúnta Oidhreachta | | ○ | ○ | ○ | |
| An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 | ○ | | ○ | | |
| Tithíocht do Chách | ○ | ○ | | | |
| An Straitéis Náisiúnta Saorálaíochta 2021 – 2025 | | ○ | | | |



| Straitéis/ Beartas | Tithíocht, Bonneagar agus Pleanáil | Pobail Nasctha agus Cultúr | An Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht | Barr Feabhais Oibríochtúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Náisiúnta (ar lean)** | | | | | |
| Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann – Beartas Forbartha Tuaithe 2021 – 2025 | ○ | | ○ | | |
| Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 | ○ | ○ | ○ | ○ | |
| Plean Náisiúnta Leathanbhanda | ○ | ○ | | ○ | |
| Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsitheacha agus Chumhachtaithe | | ○ | ○ | ○ | |
| An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 | | ○ | | | ○ |
| CÉCDC – Dualgas na hEarnála Poiblí a Chur Chun Feidhme | | ○ | ○ | | ○ |

| Straitéis/Beartas | Tithíocht, Bonneagar agus Pleanáil | Pobail Nasctha agus Cultúr | An Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht | Barr Feabhais Oibríochtúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réigiúnach** | | | | | |
| Straitéis Spásúil agus Gheilleagrach Réigiúnach Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre 2019 – 2031 | ○ | ○ | ○ | ○ | |
| Tús Áite do Lár an Bhaile: Cur Chuige Beartais do Bhailte Éireannacha (2022) | | | | ○ | |
| Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 | ○ | ○ | ○ | ○ | |
| **Áitiúil** | | | | | |
| Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta 2022-2026 | ○ | ○ | | | |
| Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin agus a Phurláin 2019-2025 | ○ | ○ | ○ | | |
| Straitéis Aoisbháúil DLRD 2022 - 2026 | | ○ | | | |



| Straitéis/Beartas | Tithíocht, Bonneagar agus Pleanáil | Pobail Nasctha agus Cultúr | An Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht | Barr Feabhais Oibríochtúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil (ar lean)** | | | | | |
| Plean Gníomhaithe um Athrú Aeráide DLRD 2024 - 2029 | | | ○ | | |
| Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Contae DLRD 2021 - 2025 | | | ○ | | |
| Plean Forbartha Contae DLRD 2022 - 2028 | ○ | ○ | ○ | ○ | |
| Plean Oidhreachta Contae DLRD 2021 – 2025 | | ○ | ○ | | |
| Plean Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla Áitiúil DLRD | | ○ | | ○ | |
| Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta DLRD 2023 - 2027 | | ○ | | | |
| Straitéis Dhigiteach DLRD | | | | | ○ |

| Straitéis/Beartas | Tithíocht, Bonneagar agus Pleanáil | Pobail Nasctha agus Cultúr | An Gníomhú ar son na hAeráide | Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht | Barr Feabhais Oibríochtúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil (ar lean)** | | | | | |
| Plean Forbartha Leabharlainne DLRD 2022 – 2026 | | ○ | | ○ | ○ |
| Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail DLRD 2023 – 2028 | | ○ | ○ | ○ | |
| Beartas Spraoi DLRD 2023-2028 | ○ | ○ | | | |
| Ráiteas Fhís LRP d'Fholláine Pobail DLRD 2022 | | ○ | | ○ | |
| Straitéis Turasóireachta DLRD 2024 – 2028 | | ○ | ○ | ○ | |
| Straitéis Crann DLRD – Aeráid do Chrainn – 2024-2030 | | | ○ | | |
| Pleananna Limistéir Áitiúil | ○ | ○ | ○ | ○ | |
| Plean um Bainistíocht Bruscair 2024-2026 | | ○ | ○ | | |



# Gradaim/Éachtaí 2020-2024

## Gradaim 2020

Bhuaigh Aireagal an Chroí Rónaofa an duais sa chatagóir Cuimhneacháin agus Comóradh Céad Bliain ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann, 2020.

Bhuaigh Bealach Soghluaisteachta Cósta DLRD Gradam Innealtóirí na hÉireann.

Bhuaigh Forbairt Phlás Sheoirse gradam ó Chumann Ailtireachta na hÉireann as feabhas san ailtireacht.

Tugadh ardmholadh d'Ailtirí DLRD in dhá chatagóir i nGradaim IRAÉ as Cúirt Chnocán na Rós, Dún Droma agus Teach Bhaile an Róistigh, an Naigín, céim 3.

Bhuaigh Eastát Bhán an Aeir agus Phádraig Gradaim as Mórtas Cine is Ceantair.

## Éachtaí/Buaicphointí 2020

Seoladh Bealach Soghluaisteachta Rothaíochta an Chósta.

Seoladh múnla le haghaidh coillearnaí amach anseo i bPáirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní.

Cosán scartha coisíochta agus rothaíochta i bPáirc na Carraige Duibhe.

Cuireadh an pháirc uile-aimsire i gcrích i gColáiste Eoin agus i gColáiste Íosagáin.

Cuireadh oibreacha i gcrích ag Páirc an Draighin, Áth an Ghainimh, áit súgartha nua san áireamh

Cuireadh oibreacha bonneagair agus áineasa i gcrích i bPáirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní (Céim 2).

Coill na Silíní (uasghrádú bóithre/droichead) - €15.19M – Cuireadh Céim 1 den tionscadal, a bhaineann le Bóthar Ghleann na nDraoithe (Q-P), i gcrích agus rinneadh dul chun cinn maith chomh fada is a bhain le Céim 2 agus Céim 3.

Rinneadh Láithreán Stad Ráth Michíl a athchóiriú, cuireadh ceithre bhá nua ar fáil

Cuireadh na hoibreacha ar shé réadmhaoin tithíochta i gcrích mar chuid den Chlár Mór Athchóirithe

An Glasbhealach idir Coill na Craobhaí agus Bóthar Bhaile Uí Ógáin, Scéim Soghluaisteachta Shráidbhaile Dhún Droma, Creatphlean Gluaiseachta Shráidbhaile Stigh Lorgan - Céim 2, Scéim Cosanta Rothaíochta Bhóthar Bhaile na nGabhar agus Ascaill San Benildus, Scéim Rothaíochta an Bhóthair Trasna, Feabhsuithe ar Rotharbhealach Ascaill an Gharráin Chnó.

## Gradaim 2021

Bhuaigh DLRD Gradam Fhoireann Fuinnimh na Bliana ÚFIÉ.

Bhuaigh DLRD Gradam IRAÉ sa chatagóir 'Spás Poiblí'.

Bronnadh Bratacha Glasa An Taisce ar Reilig Ghráinseach an Déin, Páirc na Carraige Duibhe, Páirc Mharlaí, Páirc Chábán tSíle, Páirc Sheangánaí agus Páirc an Phobail.

Gradam Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta sa chatagóir 'Tithíocht do Theaghlaigh' (Mór).

Gradam IRAÉ 'Tógáil do Chách sa Dearadh Uilíoch 2020' (bronnta in 2021).

Gradam um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil sa chatagóir 'Comhshaol Inbhuanaithe' do Bhealach Soghluaisteachta Cósta DLRD.

## Éachtaí/Buaicphointí 2021

Seoladh an chéad 'Bhá Páirceála Luchtaithe Leictrigh in Áth an Ghainimh,' i gcomhpháirt le Grúpa Stiúrtha Míchumais na Comhairle.

Tugadh isteach an chéad Scéim Páirceála Íoctha "Gan Airgead Tirim" i bPlásóg na Fuinseoige, Dún Droma.

Oscailt oifigiúil Rotharbhealach Áth an Ghainimh.

Suiteáladh dealbh de Ruairí Mac Easmainn ag láithreán Fholcadáin Dhún Laoghaire.

Seoladh Bád Patróil um Shábháilteacht Uisce Chuan Dhún Laoghaire.

Oibreacha tógála curtha i gcrích ar 23 áit chónaithe ag an gComhairle in 2021 ag Cúirt an Átha Leathain, Baile an tSaoir agus Ascaill Bhaile Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 18.

Oibreacha tógála curtha i gcrích ar 116 áit chónaithe ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta in 2021 ar thacaigh an Chomhairle leo tríd an tSaoráid Réamhléasaithe Caipitil agus an Scéim Cúnaimh Caipitil.

Uasghrádú páirceanna uile-aimsire ag Ionad Fóillíochta Bhaile na Manach.

Críochnaíodh an Tionscadal Stórála Tuile Pháirc Chill Bheagóige.

Cuireadh an Plean Eacnamaíoch do thodhchaí Chuan Dhún Laoghaire i gcrích.

Críochnaíodh feabhsuithe ar an Ríocht Phoiblí thart ar an Teirminéal Farantóireachta.

Rochtain agus Feabhsuithe ar an Ríocht Phoiblí ag Thrá Chill Iníon Léinín.

Críochnaíodh na hoibreacha tógála a bhain le 2 scéim rothaíochta – Bóthar Ceangail Dhroim Mártain agus Bóthar Stigh Lorgan ag Bóthar Stigh Lorgan (Rochtain ón N11 – COBÁC).

## Gradaim 2022

Bronnadh Bratach Ghorm ar Thrá Chill Iníon Léinín agus ar Thrá an Phointe.

Bronnadh gradam Bonneagair Rothaíochta ar an mBealach Soghluaisteachta Cósta.

Bronnadh Bratacha Glasa ar shé Páirc DLRD agus ar Reilig Ghráinseach an Déin

Bhronn an tAcadamh Uirbeachais Gradam an Bhaile Mhóir 2022 ar Dhún Laoghaire.

## Éachtaí/Buaicphointí 2022

Glacadh le Plean Forbartha Contae 2022-2028.

Athosclaíodh Folcadáin Dhún Laoghaire.

Cuireadh tús leis na hoibreacha tógála a bhain leis an scéim tithíochta poiblí is mó in Seangánach, Seanchill.

Seoladh clár Dhún Laoghaire Chliste.

Seoladh 'Stirring Memories', scéalta ón am a chuaigh thart.

Pod Linne Snámha Inrochtana suiteáilte in Ionad Fóillíochta Bhaile Uí Lachnáin in DLRD.

Síníonn DLRD Dearbhú Cathracha Ciorclacha na hEorpa.

Seoladh podchraoladh nua DLRD.

Cuireadh an Straitéis Aoisbháúil i gcrích.

Cuireadh an Plean Forbartha Leabharlainne i gcrích.

Athbhunaíodh an Fóram Freagartha Pobail chun freagairt dhaonnúil ar ionradh na Rúise ar an Úcráin a chomhordú.

Pleanáladh 2,000 imeacht i Leabharlanna DLRD.

D'fhreastail 22,000 duine ar 'Samhain' i bPáirc Mharlaí.



## Gradaim 2023

Buaiteoir Náisiúnta foriomlán ag Gradaim Tithíochta Phobal Chomhdháil na hÉireann um Thithíocht Shóisialta 2023 as inacmhainneacht a leabú ar Bhóthar Áth na Sceire (i gcomhar le Cumainn Tithíochta Tuath agus Respond, RTRÁO agus an Ghníomhaireacht Tithíochta).

ÚFIÉ 2023 - Buaiteoir sa chatagóir 'Uasghrádú Fuinnimh Chónaithe' d'iarfheistiú fuinnimh nuálach 58 teach ag forbairt Beaufort i nGlas Tuathail.

Gradaim Óir agus Airgid ag Gradaim Inbhuanaitheachta Uile-Éireann don iarfheistiú fuinnimh nuálach de 58 teach ag forbairt Beaufort i nGlas Tuathail.

Gradaim um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann 2023 – Buaiteoir sa chatagóir 'Nuálaíocht Údaráis Áitiúil' don chóras uathúil téimh ceantair teaschaidéil i bhforbairt Beaufort, Glas Tuathail.

Bhronn an Chónaidhm Eorpach Rothaíochta teastas Óir Fostóra a Thacaíonn le Rothaíocht ar DLRD, rud a chiallaíonn gurb é DLRD an chéad Chomhairle Contae aitheanta a thacaíonn le rothaíocht in Éirinn.

Gradaim Foirgníochta na hÉireann 2023 – Buaiteoir Thionscadal Foirgníochta Sibhialta na Bliana (Bóthar na Carraige).

Bronnadh stádas Brataí Goirme ar Thrá an Phointe agus ar Thrá Chill Iníon Léinín

## Éachtaí/Buaicphointí 2023

D'fháiltíomar roimh 78 long chrúsála in 2023 agus 186,000 paisinéir agus criú i gCuan Dhún Laoghaire.

Cuireadh 67 teach sóisialta nuathógtha ar fáil i gCearnóg Bhaile Uí Ógáin.

Bhí Coastival ar siúl le breis is 100 imeacht ar siúl i nDún Laoghaire.

Seachadadh 820 teach in 2023 trí thógáil, léasú, éadáil agus Cuid V.

Osclaíodh Cearnóg Mhiortail i mí na Samhna, spás poiblí bríomhar ar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as.

Osclaíodh trí pháirc nua ag Coill na Silíní, lena n-áirítear Páirc na Tulaí, Páirc Thigh an Chnoic agus Páirc Bheicéid i mí Bealtaine 2023.

D'oscail Pádraig plásóg amasaithe Mharlaí don phobal.

Cuireadh tús le hobair ar pháirc uile-aimsire i gColáiste Fhearann an Choirce.

Seoladh Plean Forbartha Leabharlainne DLRD (Beyond our Walls) 2022- 2026 i mí Bealtaine.

Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil Dhún Droma i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Cuireadh síneadh le Plean Ceantair Áitiúil Stigh Lorgan i mí na Samhna 2023.

Osclaíodh Caifé Happy Out ag Folcadáin Dhún Laoghaire.

Reáchtáladh Féile na hIndia 2023 i bPailliún Bhaile na Lobhar i mí na Samhna 2023 agus bhí beagnach 4,000 duine i láthair. Ceiliúradh iontach ar chultúr na hIndia a bhí ann le tacaíocht ón Aonad um Chuimsiú Sóisialta.

D'eagraigh DLRD roinnt imeachtaí agus d'urraigh sí Teach Oscailte Bhaile Átha Cliath, an fhéile ailtireachta is mó in Éirinn a bhí ar siúl ón 7-15 Deireadh Fómhair.

Osclaíodh stiúideonna ealaíontóirí Fholcadáin Dhún Laoghaire.

Bhí Taispeántas Age Well DLRD ar siúl i mí an Mheithimh agus d'fhreastail thart ar 1,000 air.

Seoladh Rothair Bolt sa chontae.

Seoladh an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2022 -2030.

## Gradaim 2024

Fógraíodh dhá ghnó OFÁ Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar chraobhiomaitheoirí i nGradaim an Ghnó Ceardaíochta ag Sárthaispeántas 2024.

I mí na Bealtaine, ainmníodh The Black Stuff, a bhfuil Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag tacú leis, mar bhuaiteoir ag Gradaim Náisiúnta Fiontair i mbliana.

Fógraíodh gurb é Folcadáin Dhún Laoghaire, deartha ag Ailtirí DLRD agus ag Ailtirí A2, buaiteoir ghradaim phoiblí AR mór le rá 2024.

## Éachtaí/Buaicphointí 2024

Osclaíodh go hoifigiúil Tithe ar Cíos de réir Costais i gCill Tiarnáin i mí Eanáir.

Shuiteáil DLRD braiteoirí cháilíocht an aeir i mí Feabhra, rud a d'fheabhsaigh tuiscint phobal na háite ar aerthruailliú.

Suiteáladh Luascadán We-Go d'úsáideoirí cathaoireach rothaí i bPáirc Chill Bheagóige.

D'fháiltigh DLRD roimh an Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta (IEDT) chuig Leabharlann Carnegie stairiúil i nDún Laoghaire.

Chuir DLRD agus Iontaobhas Uíbh Eachach 55 teach nua ar fáil ag Radharc na hÁithe, Feirm na Cré.

I mí Aibreáin, sheol DLRD suíomh gréasáin so-úsáidte R-Phleanála ar líne.

Cuireadh oibreacha athchóirithe i gcrích ar na páirceanna agus ar an raon reatha Lúthchleasaíochta Domhanda 8 lána ag Páirc Chill Bheagóige.

Osclaíodh Páirc Rothar nua i Lár Bhaile Dhún Droma i mí Bealtaine.

Bronnadh stádas mór le rá na Brataí Goirme ar Thrá an Phointe agus ar Thrá Chill Iníon Léinín.

Seoladh Turais Bhus Saor in Aisce Cois Trá.

Sheol DLRD an chéad foilseachán cartlainne digitithe na Comhairle ar a dtugtar Miscellany ó Bhailiúchán Cartlainne DLRD.

Osclaíodh go hoifigiúil an Pháirc Uile-Aimsire ag Coláiste Fhearann an Choirce i mí an Mheithimh.

Osclaíodh scéim Feabhsaithe Nua Coisithe agus Rothaithe Bhóthar Chluain Sceach (idir COBÁC agus an Dothra).

I mí Meithimh, sheol DLRD 49 teach tíosach ar fhuinneamh do chónaitheoirí tithíochta sóisialta i bPáirc Cholm Cille, Cill Iníon Léinín.

Bhí an LÉ George Bernard Shaw oscailte don phobal i mí Iúil agus bhí turais threoraithe saor in aisce á n-eagrú.

Seoladh Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail DLRD i mí Mheán Fómhair.

I mí Mheán Fómhair, sheol DLRD agus ÚFÁ an chéad cheann de na tithe nua in Eastát Chaisleán Sheangánaí i Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath.

Leithdháileadh €883,000 ar 28 Tionscadal in DLRD faoin gClár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide.





# Dualgas na hEarnála Poiblí

Leagann Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas (an Dualgas) na hEarnála Poiblí oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí chun idirdhealú a dhíchur, tacú le comhionannas deiseanna agus cearta an duine daoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus ball foirne a chosaint nuair a bhíonn a gcuid oibre laethúla á déanamh acu.

Glactar leis an Dualgas mar chuid de dhlí na hÉireann ó 2014 agus tá sé leagtha amach in Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

*"Cloíonn ár bPlean Corparáideach (2025-2029) lenár n-oibleagáidí faoi Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, chun idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint."*



# Seirbhísí Comhroinnte

Trí úsáid a bhaint as seirbhísí comhroinnte agus trí pháirt a ghlacadh i gCLSanna (comhaontuithe leibhéal seirbhíse), is féidir le DLRD tairbhe a bhaint as sábháil costas, comhsheasmhacht seirbhíse feabhsaithe, agus ailíniú foriomlán níos fearr lena spriocanna.

I measc na seirbhísí comhroinnte atá ann faoi láthair tá;

- Aoisbhá Éireann
- An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) – An Tairseach Náisiúnta Phleanála
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) – Láithreán Líonta Talún Bhaile Uí Ógáin
- An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola
- An Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta
- An Oifig um Bainistiú Bóithre (OBB)
- An Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (PRFD)
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) – Maoiniú Taistil Ghníomhaigh do scéimeanna agus do thionscadail
- Baile Átha Cliath Chliste
- Bonneagar Luchtaithe FL do Bhaile Átha Cliath
- Clár Uiscí Údaráis Áitiúil (CUÚÁ)
- CODEMA – Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Cáilíocht an Uisce Snámha
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Cosaint Shibhialta
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Lárshaotharlann Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Seirbhísí Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Seirbhísí Luachála
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Seirbhísí Oibríochta Tráchta
- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas - Seirbhísí Tréidliachta
- Córas Bainistíochta Leabharlainne agus Catalóige Náisiúnta
- Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath (FDEDRBÁC)
- Fiontraíocht Éireann - Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁ)
- FSS – Oifigigh Sláinte Comhshaoil (OSCanna) a chur ar fáil
- IEDT - Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta – Leabharlann Carnegie agus Oifigí Bhóthar na Lea-bharlainne
- MyPay
- Oifig Dramhaíola Réigiún an Oirthir - Lár na Tíre
- ORAA - Oifig Réigiúnach um Athrú Aeráide
- Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ)
- Uisce Éireann
- Voter.ie

# Táscairí Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil

Tá ról ríthábhachtach ag an Ionad Náisiúnta Forléargais agus Anailíse (INFA) i ndáil le cabhrú le húdaráis áitiúla chun measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht trí phríomhshonraí táscaire feidhmíochta (PTF) a bhailiú agus a anailísiú. Soláthraíonn INFA léargas luachmhar maidir le cé chomh maith is atá ag éirigh le gach údarás a chuspóirí a chomhlíonadh.

Leagtar amach i bplean seachadta seirbhíse DLRD spriocanna a bhaineann lena feidhmeanna éagsúla agus tá siad ailínithe le príomhtháscairí feidhmíochta INFA.

Ceadaíonn an cur chuige seo atá bunaithe ar shonraí d'údaráis áitiúla réimsí a shainaithint ina bhféadfaí a bheith ag tearcfheidhmiú i gcomparáid lena bpiaraí agus a bpróisis agus a gcleachtais a athrú dá réir sin. Tríd an méid sin a dhéanamh, tá INFA ag tacú le feabhas leanúnach, agus ag cinntiú go bhfuil seirbhísí áitiúla á gcur ar fáil ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí do na bpobail a bhfuiltear ag freastal orthu.

Tá an Tuarascáil INFA is déanaí maidir le Táscairí Feidhmíochta an Údaráis Áitiúil le fáil ag

www.noac.ie/publications/

Comhairle Contae County Council

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Plean Corparáideach
**2025-2029**